"Bhí sibh proifisiúnta, fáilteach, foighneach, cabhrach agus gealgháireach. D'athmhuscail sibh mo ghrá do Chorca Dhuibhne agus don teanga"

"Bhí stíl iontach ag an múinteoir. Bhí éagsúlacht sna gníomhaíochtaí. Bhí seans againn a bheith ag éisteacht agus ag caint"

"Maidir liom féin, táim ag tnúth go mór le tréimhse eile a chaitheamh i mBaile an Fheirtéaraigh (agus i nDún Chaoin), ar nós gach duine eile a bhí ag freastal ar an gcúrsa ann"

Sainchúrsaí Teanga dóibhsean a bhfuil gá acu leo /
Specialist language courses on request

2011/2012

Cúrsaí Gaeilge & Oidhreachta do Dhaoine Fásta

Irish Language, Heritage & Activity Courses for Adults

Oidhreacht Chorca Dhuibhne
Baile an Fheirtéaraigh,
Co. Chiarraí, Éire.

Fón: +353 0 66 – 915 6100
Facs: +353 0 66 – 915 6348

Seoladh Ríomhphoist / E-mail address: eolas@cfcd.ie
Suíomh Idirlín / Web address: www.oidhreacht.ie

Oidhreacht Chorca Dhuibhne & Comarchumann Chorca Dhuibhne

Miseanráiteas

Fo-chomhlacht Chomharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne is ea Oidhreacht Chorca Dhuibhne. Tá an Comharchumann breis is daichead bliain ar an bhfód. Eagras pobail é an Comharchumann a dheineann saol pobail, cultúrtha, eacnamaíochta agus sóisialta mhuintir Ghaeltacht Chorca Dhuibhne a fhorbairt is a fheabhsú agus a dheineann cúram ar leith den nGaelainn agus de chearta teanga an phobail agus é i mbun na forbartha sin.

Cad is féidir le hOidhreacht Chorca Dhuibhne a thairiscint duit?

What does Oidhreacht Chorca Dhuibhne offer?

- **Taithí 40bl.+ ar Chúrsaí Gaeilge a reáchtáil do Fhoghlaimeoirí ag gach leibhéal i mBaile an Fheirtearaigh** / Over forty years experience of organising Irish Language Courses in Ballyferriter
- **Foghlaim na Gaeilge labhartha in atmaisféar cairdiúil, taitneamhach, neamhbhagrach** / The opportunity to learn/speak Irish in a friendly, enjoyable atmosphere
- **Blaiseadh de litríocht, cultúr, stair & seandálaíocht Chorca Dhuibhne** / A taste of the literature, culture, history and archaeology of the Dingle Peninsula
- **Sainchúrsaí Cruinnis i Scríobh/Aistriucháin na Gaeilge** / Specialist grammar/writing/translation courses
- **Cúrsaí Oiliúna Teanga do Eagraisí/Ghrúpaí ar leith ach iarratas a chur chugainn** / Courses designed for particular interest groups
- **Cúrsaí nua sainspéise – Siúlóidí, Blaiseadh Bia, Ealaín & Cúrsaí do Mhúinteoirí** / *New activity based language courses in the Dingle Peninsula*
- **Blaiseadh de shaol laethúil phobal Ghaeltacht Chorca Dhuibhne** / *All courses based in a local Irish speaking community*

> ***"Bhí tairbhe agus taitneamh le baint as an tseachtain***
> ***Cuireadh na ranganna i láthair ar bhealach iontach suimiúil agus eagraithe***
> ***Ní fhéadfadh an cur i láthair a bheith níos fearr"***
>
> *Rannpháirtithe na gCúrsa Gaeilge 2011*

Stiúrthóirí na gCúrsaí / *Course Directors*

Máire Uí Shíthigh
Stiúrthóir / *Director*
mus@cfcd.ie

Caitríona Ní Chathail
Oifigeach Aosoideachais & Teagascóir / Adult Education Officer & Tutor
caitriona@cfcd.ie

Máire Ní Scannláin
Áisitheoir Teanga & Teagascóir / *Language Officer & Tutor*
m.niscannlain@cfcd.ie

Isabel Bennett
Seandálaí & Coimeádaí Mhúsaem Chorca Dhuibhne / *Archaeologist & Curator at Músaem Chorca Dhuibhne:*
info@westkerrymuseum.ie

> ***Bhí idir theanga, bhéaloideas, stair agus stair na teanga ann.***
> *The course was a very rich learning experience.*
> *We had an introduction not just to the language but to history and folklore in a local context*

Clár na gCúrsaí / *Course Programme 2011/2012*

1 ***Gearrchúrsa sa Ghaeilge Labhartha a bheidh dírithe ar lucht déanta agallamh nó scrúduithe béil: 2-3ú Nollaig 2011***. *Weekend Irish Language Course for interview or oral Irish examination preparation etc.* ***Costas****/Cost: €90*

Cúrsa Nua!

2 **Cruinneas agus Scríobh na Gaeilge: 24ú-25ú Feabhra**
Costas */ Cost: €100*

Dáta deiridh le haghaidh iarratais, le héarlais (€30) 27ú Eanáir 2012
Final date of application, with deposit (€40) by 27th January 2012.
Pléifear litriú, ceisteanna cruinnis agus gramadaí agus cúrsaí eile a bhaineann le háiseanna don té atá ag scríobh nó ag teagasc na Gaeilge. Ní mór do rannpháirtithe a bheith líofa go maith sa Ghaeilge. */ Participants, who need to be quite fluent in Irish, will write/correct/proofread sample material, discuss matters arising and some helpful resources/tools available to teachers, translators etc.*
N.B. **Fáilte is fiche roimh mholtaí fé ábhar an chúrsa seo i scríbhinn, ós na rannpháirtithe, mar chuid den iarratas.**

3 **An Ghaeilge & An Fhilíocht & An Ealaín 2012 /** *The Irish Language and the Arts: Poetry & Painting 24ú & 25ú Márta 2012.* **Costas /** *Cost***: €130**

Cúrsa Nua!

Dáta deiridh le haghaidh iarratais, le héarlais (€70) faoi 24ú Feabhra.
Final date of application, with deposit (€70) by 24th February.
Do rogha! Ceardlann filíochta nó péintéireachta tré Ghaeilge in atmaisféar taitneamach i gceantar álainn Chorca Dhuibhne.

4 **Gaeilge & Siúlóidí Oidhreachta 4ú – 7ú Bealtaine** */ Irish Language & Guided Heritage Walks 4th – 7th May 2012.* **Costas /Cost: €170**

Dáta deiridh le haghaidh iarratais, le héarlais (€70) – 6ú Aibreán
Final date of application, with deposit (€80) by 6th April
Cúrsa 4 lá ina mbeidh ranganna Gaeilge agus cainteanna sainspéise, chomh maith le siúlóidí oidhreachta, le treoraí, ar chnoc nó dhó de Shliabh Mis */ Irish Language Classes combined with guided hillwalks, archaeological or heritage walks in West Kerry.*

5 **Gaeilge do Ghlantosnaitheoirí 9ú - 14ú Iúil** */ Irish for Beginners 9th – 14th July 2012.*
Costas/*Cost €240*

Dáta deiridh le haghaidh iarratais, le héarlais (€110) – 25ú Bealtaine
Final date of application, with deposit (€110) by 25th May
Cúrsa é seo do dhaoine ná fuil aon Ghaeilge acu. *This intensive course is an introduction to the Irish language for those who have never studied the language before. The emphasis is on giving participants basic communication skills. This course is not suitable for those who have studied Irish in Primary and/or Post-Primary school in Ireland. (Course equivalent to* ***TEG Level A1*** *or European Certificate in Irish).*

Clár na gCúrsaí / *Course Programme 2011/2012*

6 **Cúrsaí do Dhaoine ar Bheagán / Mheánchaighdeán Gaeilge 9ú - 14ú lúil & 16ú - 21ú lúil** / *Irish for Post Beginners / Intermediate 9th – 14th July & 16th – 21st July 2012.* **Costas/***Cost: €240 don tseachtain nó €440 don gcoicís / €240 for one week or €440 for two weeks.*

Dáta deiridh le haghaidh iarratais, le héarlais (€110) – 25ú Bealtaine
Final date of application, with deposit (€110) by 25th May
Cúrsaí iad seo do dhaoine a bhfuil cúrsa nó dhó do Thosnaitheoirí déanta acu nó a bhfuil Gaeilge acu ón scoil atá meirgeach go maith. Tá ar a gcumas comhrá an-ghairid a bheith acu ach le foclóir atá teoranta go maith.
This course is for learners (i) who have completed one or more intensive courses for beginners (TEG Level A1) or (ii) who have Irish from school but whose vocabulary and communication skills need to be developed. (There is an option to follow B1 TEG or European Certificate in Irish)

Ceiliúradh Lúnasa ar an mBuailtín

7 **Cúrsaí Comhrá Gaeilge (Ardleibhéal & Meánleibhéal, Ard) 13ú – 18ú Lúnasa** *Irish Conversation Course (Advanced & Higher Intermediate Levels) 13th – 18th August 2012.* **Costas /** *Cost* **€240**

Dáta deiridh le haghaidh iarratais, le héarlais (€110) – 27ú lúil
Final date of application, with deposit (€110) by 27th July
Cúrsaí Gaeilge iad seo do dhaoine a bhfuil **cumas maith cainte acu cheana féin** agus a bhfuil leibhéal maith líofachta bainte amach acu. Tabharfar deis dóibh sa dianchúrsa comhrá cur leis an bhfoclóir atá acu agus a gcuid líofachta a fheabhsú. *This course is for those whose **understanding of Irish is good, whose spoken Irish is quite fluent** and who wish to improve their vocabulary, fluency and knowledge of the language.*

8 **Cruinnscríobh na Gaeilge 13ú - 18ú Lúnasa**
Writing skills /Grammar course 13th – 18th August 2012. **Costas/***Cost:* **€240**

Dáta deiridh le haghaidh iarratais, le héarlais (€110) – 27ú lúil
Final date of application, with deposit (€110) by 27th July
Cuirfear béim sa chúrsa seo ar labhairt na Gaeilge ach chomh maith leis sin ar cheartscríobh na Gaeilge, ar ghramadach, ar shaibhriú foclóra, ar scileanna aistriúcháin agus ar áiseanna do cheartscríobh na teanga. Beidh an cúrsa seo an-oiriúnach do rannpháirtithe a bhfuil **Gaeilge labhartha líofa nó líofa go maith acu** nó a bhfuil **céim nó cáilíocht bhreise acu sa Ghaeilge** ach a mbíonn leisce orthu tabhairt fé scríobh na Gaeilge toisc amhras cruinnis a bheith orthu. Tabharfar treoir dóibh siúd go mbíonn scríbhneoireacht nó comhfhreagras sa Ghaeilge riachtanach ina gcuid oibre.
N.B. **Fáilte is fiche roimh mholtaí fé ábhar an chúrsa seo i scríbhinn, ós na rannpháirtithe, mar chuid den iarratas.**

9 **Líofacht sa Ghaeilge tré éachtaint ar litríocht Chorca Dhuibhne 13ú - 18ú Lúnasa.** *Oral fluency in Irish through a study of the literature of Corca Dhuibhne 13th – 18th August 2012.* **Costas/***Cost:* **€240**

Dáta deiridh le haghaidh iarratais, le héarlais (€110) – 27ú lúil
Final date of application, with deposit (€110) by 27th July
Cuirfear béim sa chúrsa seo ar scileanna labhartha sa Ghaeilge agus ar shaintréithe chanúint Chorca Dhuibhne. Gheobhaidh rannpháirtithe blaiseadh ann de Ghaelainn Chorca Dhuibhne mar atá i litríocht an cheantair. Ní mór do rannpháirtithe **líofacht mhaith/réasúnta** a bheith acu.
N.B. **Fáilte is fiche roimh mholtaí fé ábhar an chúrsa seo i scríbhinn, ós na rannpháirtithe, mar chuid den iarratas.**

Clár na gCúrsaí / *Course Programme 2011/2012*

10 **Labhairt is Scríobh do Theagasc na Gaeilge (dírithe ar mhúinteoirí / mic léinn ollscoile).**
13ú - 18ú Lúnasa / *Improve your Written & Oral fluency in Irish (for teachers/students)*
13th – 18th August 2012. **Costas**/*Cost:* **€240**

Dáta deiridh le haghaidh iarratais, le héarlais (€110) – 27ú lúil
Final date of application, with deposit (€110) by 27th July
Díreofar ar theamaí curaclaim ag an mbunleibhéal agus ag an dara leibhéal sa chúrsa seo, ar mhodheolaíochtaí teagaisc agus ar chleachtais mheasúnaithe chomh fada lena mbaineann le teagasc na Gaeilge. Beidh deis ag múinteoirí óga agus ag mic léinn snas a chur ar a gcuid Gaeilge labhartha agus scríofa le linn na seachtaine.

11 **Gaeilge, Siúlóidí & Blaiseadh Bia 12ú-14ú Deireadh Fómhair 2012 /**
Irish Language, Walking & Food Tasting 12th – 14th October 2012. **Costas**/*Cost: €130*

Dáta deiridh le haghaidh iarratais, le héarlais (€70) 14ú Meán Fómhair
Final date of application, with deposit (€70) by 14th September.

12 **Cúrsaí Gaeilge (Scrúdú i gCáilíocht na Gaeilge) do Bhunmhúinteoirí a oileadh lasmuigh den stat**
Irish Courses (SCG) for Primary Teachers who trained outside of Ireland

N.B.Léigh na sonraí seo a leanas go cúramach, led thoil. *Please read the following details very carefully.*
Díreofar ins na cúrsaí seo ar scileanna teanga/cumarsáide na Gaeilge a fhorbairt chomh maith le gnéithe den Scrúdú i gCáilíocht na Gaeilge, idir scríobh, chaint, chluastuiscint, phrós is fhilíocht a chur i láthair.
This course is designed to improve oral/communication skills in Irish and introduces participants to aspects of the written, oral, aural and practical sections of the SCG examination of the Department of Education for Primary Teachers who trained outside of Ireland. In the interest of all candidates it is important that we get full details of qualifications in Irish and details of the part(s) of the examination sat and successfully completed before attending the course . Please forward details of exam results to the office as soon as possible after they have been issued to you. (See Application Form)

(N.B. This course is not suitable for Beginners but for candidates who have a sufficient command of the Irish Language).

12 **Cúrsa 12A (Bunmhúinteoirí a oileadh lasmuigh den stát)**
2ú – 6ú Aibreán 2012. Costas/*Cost: €240*

Éarlais €110 roimh 17ú Feabhra
Deposit (€110) by 17th February

12 **Cúrsa 12B (Bunmhúinteoirí a oileadh lasmuigh den stát)**
2ú – 6ú lúil 2012 / *2th – 6th July.* **Costas**/*Cost: €240*

Éarlais €110 roimh 25ú Bealtaine
Deposit (€110) by 25th May

Foirm Iarratais 2011/2012 / *Reservation Form 2011/2012*

Ainm / Name:

Seoladh / Address:

Uimhir Theileafóin: (Baile / Home) (Telephone No.) **(Obair** / Work)

Gairm / Occupation:

Seoladh Ríomhphoist / E-mail address:

Cúrsa / Course of choice (**Cuir tic fén uimhir chuí** / Tick the appropriate no.) ✓

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12	12A	12B

An rabhais ar scoil in Éirinn?
Did you receive your primary/secondary education in Ireland?
☐ Bhíos/Yes ☐ Ní rabhas/No

Caighdeán Gaeilge / An estimate of your standard of Irish
(Cuir ✓ sa bhosca cuí / Tick the appropriate box):

☐ **Tosnaitheoir /** *Beginner* ☐ **Iar-Thosnaitheoir /** *Post-Beginner*
☐ **Meánleibhéal /** *Intermediate* ☐ **Ardleibhéal /** *Higher Level*

An bhfuil cáilíocht bhreise agat sa Ghaeilge?
☐ **Céim** ☐ **Dioplóma** ☐ **Teastas**

An bhfuil tú ag dul le múinteoireacht / faoi agallamh chun dul le múinteoireacht?
Táim ☐ **Nílim** ☐

***An chuid seo do Mhúinteoirí Bunscoile amháin?**
This section to be completed by Primary School Teachers only:

(i) An bhfuil an Scrúdú i gCáilíocht na Gaeilge déanta agat?
Have you sat the SCG examination?
☐ **Tá** ☐ **Bliain** / Year ☐ **Níl**

(ii) Cén chuid(codanna) den Scrúdú atá déanta agus pas bainte amach agat ann /iontu?
Which part(s) of the examination have you sat and passed?

☐ **Páipéar I** / *Paper I* ☐ **Scrúdú Cainte** / *Oral Examination*
☐ **Páipear II** / *Paper II* ☐ **Cluastuiscint** / *Aural Examination*

Tá an t-eolas seo fé rún. /** ***This information for office use only.

Seol Foirmeacha Iarratais go dtí / *Return completed Application Forms to:*
Cúrsaí Gaeilge agus Oidhreachta
Oidhreacht Chorca Dhuibhne
Baile an Fheirtéaraigh, Trá Lí, Co. Chiarraí.

Lóistín / *Accommodation*

- **Tá rogha lóistín ar fáil agus rátaí éagsúla acu. Tá an seomra singil níos costasaí. Tá liosta lóistín ar fáil ar an suíomh idirlín ag www.oidhreacht.ie.** *A variety of accommodation is available. B&B rates vary. Single occupation is usually more expensive. An accommodation list will be forwarded to you, on request, or is available on our website at www.oidhreacht.ie.*



Ionad an Chúrsa / *Course Location*

- **Reáchtáltar na cúrsaí seo i mBaile an Fheirtéaraigh in Iarthar Chiarraí mura luaitear a mhalairt.** / *Courses are held in Ballyferriter (unless otherwise stated) in the spectacular Dingle Peninsula of West Kerry.*

Socruithe Taistil / *Travel Arrangements*

- **Some international flights serve Kerry Airport in Farranfore (+353 0 66 716 4644). Train services to Tralee link up with bus services to An Daingean (Dingle). There is no public transport from An Daingean to Baile an Fheirtéaraigh on Sundays.**
- **N.B. Má tá síob uait ón nDaingean go Baile an Fheirtéaraigh cuir an méid sin in iúl do fhoireann na hoifige roimhré.** *If you need transport from An Daingean to Ballyferriter please make contact with the office before you travel.*
- **Cúrsaí Oiliúna Teanga do Eagraisí/Ghrúpaí ar leith** / *3/4/5 day Language Training Courses for Organisations/Groups may be arranged on request.*
- **Sa chás go ndéanfaidh Oidhreacht Chorca Dhuibhne cúrsa a chur ar ceal ar chúiseanna éagsúla, seolfar an éarlais thar n-ais.** / *Oidhreacht Chorca Dhuibhne reserves the right to cancel courses up to the final date of application. Deposits will be refunded should this be the case.*

Do gach éinne a bheidh rannpháirteach insna cúrsaí / *For all participants:*

- **Dein éarlais/litir a sheoladh chuig an tigh lóistín/oifig na hOidhreachta in am cuí chun do chúrsa/sheomra a chur in áirithint.** / *It is important to reserve your course and accommodation in time, with a deposit/letter.*
- **Is fiú bróga siúil láidre a thabhairt agus tú ag teacht go Corca Dhuibhne chomh maith le héadach báistí dos na turasanna is na himeachtaí fén aer (An Blascaod Mór nó Cnoc Bréanainn nó Láithreacha Seandálaíochta)** / *Please bring strong walking shoes or boots, rain gear and appropriate clothing for outdoor activities.*
- **B'fhéidir go mbeidh costaisí breise eile le linn na gcúrsaí d'imeachtaí ar leith.** / *Occasionally extra costs may be incurred for optional special events coinciding with the course e.g Blasket Island ferry.*
- **An dara cuid den dtáille le díol coicís roimh thús an chúrsa.** / *Balance of course fee to be paid two weeks before commencement of course.*